C/2025/6050

7.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12135 — WATERS / BD (BIOSCIENCES AND DIAGNOSTIC SOLUTIONS BUSINESSES))

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6050)

1. An 30 Deireadh Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Waters Corporation ('Waters') (Stáit Aontaithe Mheiriceá), agus

— Fochuideachtaí áirithe agus sócmhainní áirithe de chuid aonad gnó Biosciences agus Diagnostic Solutions ('An sprioc') Becton, Dickinson and Company ('BD') (Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh Waters rialú aonair ar an Sprioc de réir bhrí Airteagail 3(1), pointe (b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna sa Sprioc.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta tomhais speisialtachta é Waters a fhorbraíonn réitigh anailíseacha sreafa oibre, a bhaineann go príomha le crómatagrafaíocht leachta, mais-speictriméadracht agus nuálaíochtaí teirmeagrafaíochta a fhreastalaíonn ar thionscail na beatha, na n-ábhar agus na mbia-eolaíochtaí.

— Cuimsíonn an Sprioc aonaid ghnó BD (a) Biosciences agus (b) Diagnostic Solutions.

  — Is soláthraí réiteach taighde imdhíonachta agus ailse agus diagnóisice cliniciúla gaolmhaire é BD Biosciences, lena n-áirítear uirlisí agus imoibrithe cítiméadrachta sreibhe, agus tá uirlisí nuálacha ilómaíocha aoncheallacha aige.

  — Is soláthraí micribhitheolaíochta agus diagnóisice galar tógálach é BD Solutions Diagnostic, lena n-áirítear diagnóisic mhóilíneach, scagthástáil ailse ceirbheacs, táirgí cíteolaíochta, uathoibriú micribhitheolaíochta agus diagnóisic san áit chúraim.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12135 — WATERS / BD (BIOSCIENCES AND DIAGNOSTIC SOLUTIONS BUSINESSES)

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË